

## D'ÚSÁID NA hOIFIGE AMHÁIN

## Vacsáin QIV - Influvac Tetra amháin

Dáta ar Tugadh Í	Ainm na Vacsáine agus an Déantúsóra	Cnuasuimhir	Dáta Éaga Mí/ Bliain	Áit an Vacsáinthe	Ainm an Vacsáineora (Priontáil le do thoil) agus PIN/MCRN																
<table border="1"> <tr> <td><input type="text"/></td><td><input type="text"/></td><td><input type="text"/></td><td><input type="text"/></td><td><input type="text"/></td><td><input type="text"/></td><td><input type="text"/></td><td><input type="text"/></td> </tr> <tr> <td>L</td><td>L</td><td>M</td><td>M</td><td>B</td><td>B</td><td>B</td><td>B</td> </tr> </table>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	L	L	M	M	B	B	B	B					
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>														
L	L	M	M	B	B	B	B														

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a bhailítear ar an bhfoirm seo curtha leis an gcóras TFC (cuir tic sa bhosca)

Ainm:



**Ráiteas Príobháideachais:** Chun vacsaín(i) a riar go sábháilte agus chun na sonraí riachtanacha go léir a thaifeadh chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar vacsaín(i), beidh an FSS ag próiseáil do shonraí pearsanta nó sonraí pearsanta do linbh. Beidh na sonraí go léir a phróiseálann FSS i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí éagsúla lena n-áirítear na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018, Rialachán (AE) 2016/679 (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, RGCS), agus an tAcht um Aitheantóirí Sláinte, 2014. Beidh próiseáil do shonraí nó próiseáil sonraí do linbh dleathach agus cothrom. Ní dhéanfar é a phróiseáil ach chun críocha sonracha lena n-áirítear, chun na vacsaíní a bhainistiú, chun clár vacsaínithe a thuairisciú agus a mhonatóiriú, chun cliant a bhailíochtú agus cúram sláinte a sholáthar. D'fhéadfadh comhroinnt sonraí idir ranna FSS tarlú freisin.

# Toiliú Fliú agus Cáilitheacht Leighis

## Vacsáin QIV – Influvac Tetra amháin

Céadainm:

Sloinne (Ainm an Teaghlaigh):

Inscne: Fireann  Baineann

Sloinne na Máthar ag Breith:

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP):

Cúlra eitneach nó cultúrtha:

A. Duine geal (*Éireannach, taistealaí Éireannach, Roma, Úcránach, aon chúlra Bán eile*)

B. Dubh nó Éireannach Dubh (*Afracach, aon chúlra Dubh eile*)

C. Áiseach nó Áiseach Éireannach (*Síneach, aon chúlra Áiseach eile*)

D. eile, lena n-áirítear cúlra measctha (*Araibis, scríobh aon chúlra eile sa chur síos*)

E. b'fhéarr gan a rá

Cur síos \_\_\_\_\_

Seoladh Ríomhphoist:

Uimhir Fón Póca:

Seoladh:

Éirchód:

Contae:

Ainm an Dochtúra Ghinearálta:

Seoladh an Dochtúra Ghinearálta:

**Comhlánaigh an chuid seo don duine atá ag fáil vacsaíne (ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL)**Ainm: Dáta Breithe:   
L L M M B B B B**Freagair na ceistanna seo a leanas le sea nó ní hea, le do thoil**

1. An raibh anaifiolacsas (frithghníomhú trom ailléirgeach) ag an duine seo riamh tar éis dáileog roimhe seo den vacsaín fliú nó aon cheann dá comhábhair? Bhí  Ní raibh

**Má bhí, neamh-incháilithe le haghaidh vacsaínithe mar tá anaifiolacsas tar éis dáileog roimhe seo den vacsaín fliú nó aon cheann dá comhábhair ina fritasc in aghaidh an vacsaínithe. Mura raibh, TÉIGH CHUIG AN CHÉAD CHEIST EILE.**

- 2a. An raibh ar an duine seo dul isteach san Aonad Dianchúraim (ICU) riamh tar éis turraing trom anaifiolachtach in aghaidh uibheacha? Bhí  Ní raibh

**Má bhí, ní mór na daoine sin óna dteastaíonn vacsaín fliú neamhbheo agus a raibh orthu dul isteach san Aonad Dianchúraim (ICU) roimhe seo mar gheall ar thurraing trom anaifiolachtach in aghaidh uibheacha a chur ar aghaidh le haghaidh measúnú speisialtóra maidir le vacsaín a riar san ospidéal. Má bhí, téigh go Ceist 2b. Mura raibh, téigh go Ceist 3.**

- 2b. An raibh measúnú speisialtóra ag an duine seo maidir lena n-ailléirge throm le huibheacha san am a chuaigh thart a raibh iontráil ICU ag teastáil uathu agus an bhfuil an vacsaín QIV molta dóibh anseo anois? Bhí  Ní raibh

**Má bhí, TÉIGH CHUIG AN CHÉAD CHEIST EILE. Mura raibh, ní féidir leo vacsaín a fháil inniu.**

3. An bhfuil géarthinneas fiabhrais ar an duine seo? Tá  Níl

**Má tá, ní féidir leo an vacsaín seo a fháil inniu, cuir an vacsaíniú siar go dtí go bhfuil siad téarnaithe. Mura bhfuil, TÉIGH CHUIG AN CHÉAD CHEIST EILE.**

4. An bhfuil an duine seo ar chomhchoscairí seicphointe amhail ipilimumab nó nivolumab? Tá  Níl

**Má tá, ní féidir leo an vacsaín a fháil. Níor cheart go bhfaigheadh siad aon vacsaín fliú, mar gheall ar chomhcheangal a d'fhéadfadh a bheith acu le frithghníomhartha díobhálacha imdhíonachta. Mura bhfuil, TÉIGH CHUIG AN CHÉAD CHEIST EILE.**

5. An bhfuil neodraipéine throm ag an duine seo (leibhéil ísle de chineál cille fola báine) i.e. comhaireamh neodraifile iomlán  $<0.5 \times 10^9/L$ ? Ní bhaineann sé seo leo siúd a bhfuil neodraipéine uath-imdhíonachta phríomhúil orthu. Tá  Níl

**Má tá, níor cheart go bhfaigheadh siad vacsaín ar bith, chun géareipeasóid fiabhrais a bhaineann le vacsaín a sheachaint. Neamh-incháilithe le haghaidh vacsaínithe. Mura bhfuil, TÉIGH CHUIG AN CHÉAD CHEIST EILE.**

- 6a. An é seo an chéad uair a bhfuil an vacsaín fliú á fáil ag an duine seo an séasúr seo (Meán Fómhair go Aibreán)? Is ea  Ní hea

**Más ea, téigh go Ceist 7. Murab ea, freagair ceist 6b, le do thoil.**

- 6b. Is beag duine a bhfuil an dara dáileog den vacsaín fliú ag teastáil uathu.

An gcomhlíonann an duine atá ag fáil na vacsaíne le haon cheann de na critéir seo a leanas:

Comhlíonann  Ní chomhlíonann

- I gcás leanáí, an bhfuil siad idir 6 mhí agus 8 mbliana d'aois agus an vacsaín fliú á fáil acu den chéad uair
- Tar éis trasphlandú gaschille haematapóiseach nó tar éis trasphlandú orgáin sholadaigh
- Othair ailse a fuair an chéad vacsaín fliú agus iad ar ceimiteiripe an séasúr fliú seo nó a chríochnaigh a gcóireáil sa séasúr fliú céanna (Meán Fómhair go hAibreán).

